An Garda Síochána

Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht

Slándáil Baile

Fuinneoga

Slándáil Fuinneoige

Tionfaidh breis agus an tríú cuid de buirgléirí isteach i do mhaoin trí fhuinneoig. Tiocfaidh fuinneoga i réimse dearcthaí, stíleanna agus ábhair atá ar cheann de na cinn seo a leanas:-

- Fuinneog cháisminte
- Claon agus Cas
- Sais sleamhnáin
- Fuinneog fhardorais
- Velux
- Louvre

Tá gloiniú i bhfrámaí fuinneoige éagsúla mar an gcéanna agus bíonn siad ainealta, lannaithe nó righnithe.

Beidh gach ceann acu ceaptha chun solas a ligean isteach ach tá sé tábhachtach cuimhneamh go mbíonn fuinneoga ina bpointí fábhracha iontrála do ghadaithe. Is féidir leat a leothaileacht aonair a mheas, rud a mbrathfaidh ar trí phríomhghné:

- Inrochtaineacht na fuinneoige
- Infheictheacht na fuinneoige do chomharsana agus do dhaoine atá ag dul thar bhráid
- Cáilíocht na déantúsaíochta, neart agus installadh na fuinneoige

Laghdaíonn muid a gcuid tarraingte mar phionte iontrála don bhuirgléir trí na baol-gnéithe a laghdú.

Inrochtaineacht na Fuinneoige

Cuimhnigh gur féidir le gadaí fáil trí aon bhearna i gcoitinne atá ábhairín níos mó ná cloigeann an duine – ná bí so-ghabhálach mar sin i leith a gcuid slándála de bharr tomhas na fuinneoige. Bíonn fuinneoga ar an mbunúrlár níos so-ghabhálaí ná na cinn ar na húrláir uachtaraí. Is féidir fuinneoga in uachtar a shroicheadh go héasca le háis deapadóireachta, trí na fánphíobáin nó ó dhíon thadhlach agus bíonn siad tarraingteach mar an gcéanna don bhuirgléir. Is féidir cuid de na fuinneoga seo a chosaint le gríl miotal maisiúil; ach tá sé tábhachtach cuimhneamh nár cheart a leithéid de fheistiú a bheith ina bhac i gcás éigeandála aslonnaíochta. Áit a bhfuil an dríl seo feistithe, ba cheart dóibh a bheith feistithe go hinmheánach go hídéalach agus a bheith inghiorraithe nó sobhogtha mar is cuí. Is féidir inrochtaineacht agus slándáil fuinneoige a fheabhsú chomh maith trí glais breise, teorantóirí breise nó gloinniú níos láidre a fheistiú.

Infheictheacht na fuinneoige do chomharsana agus do dhaoine atá ag dul thar bhraid

Bíonn fuinneoga ar chúl agus ar thaobh foirgnímh níos soghabhalaí d'ionsaí coiriúil ná na cinn atá sofheicthe go soiléir do dhaoine eile. Bain úsáid iomlán as soilsiú seachtrach chun na bealaí seachtracha a shoilsiú go dtí na fuinneoga seo sa dorchadas. Is féidir crainnte nó fálú fiáine a bheith faoi deara bac sofheicthe gan ghá. Ba cheart craobhacha fiáine nó fálú, arbh fhéidir leo srian a chur ar an líne radharc breathnóirí fánacha, a ghearradh siar.

Cáilíocht na déantúsaíochta, neart agus installadh na fuinneoige

Ní hé gach fuinneoig atá mar an gcéille. Is féidir le gnéithe máithe deartha, déantúsóireacht cáilíochta agus insteallaadh léibhéal slándála a chur ar fáil thar chumais an mheánbhuirgléir. Déanann an cur chuige nua-aimseartha do shlándáil fuinneoige rochtain ar ionsaí le neart ar an táirge ina iomláine agus ní ar na comhpháirteanna amháin. Is féidir glais maithe slándála a fheistiú ar fhrámaí laga ó nádúr. Ar an gcaoi céanna, is féidir frámaí cailíochta a fheistiú ar ghloiniú de neart neamhleor. I roinnt cásanna, tá fuinneoga cáilíochta curtha isteach san fhoirgneamh.

Is iomaí cineál fuinneog atá ar an margadh inniu agus beidh gach gnéithe slándála ag cuid acu. Is féidir cáilíocht na dtáirgí, áfach, a athrú go mór. Is féidir le cuid acu glasáil ilphointí, frámaí treisithe, feirbeadh slándála seachtrach agus gloiniú lannaithe a bheith san áireamh, ach tá éilimh áibhéalta mar gheall ar a gcuid slándála a dhéanamh. Le neart ama agus iarrachta is féidir le haon fhuinneoig a fhórsáil. Ba cheart don mhéid atá tú ag ceannacht ó thaobh cúrsaí slándála a bheith i bhfuinneoga de neart leordhóthain agus de cháilíocht chun na modhanna atá úsáidte ag buirgléirí chun briseadh isteach nó dul isteach tríothu a stopadh nó a chosc. Íocfaidh an breis ama agus infheistíochta a dhéanann tú maidir le fuinneoga cáilíochta a cheannach fíordhíbhinní nuair a thagann sé go dtí do bhaile nó do ghnó a dhaighniú.

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le
d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil
nó
tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie

Arna eisiúint ag Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht, Ceannchéathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Aibreán 2009

Mar shampla, ar an margadh inniu, is é an caighdeán reatha slándála de chuid na Breataine do fhuinneoga ná BS 7950 *'Fuinneoga de Shlándáil Barrfheabhais'* rud a chiallaíonn go bhfuil fuinneoga tar éis a bheith deighnithe go neamhspleách chun céim ard cosanta a thairiscint agus a bheith "frithionsaí" i gcoitinne thar na hábaltachtaí den mheánbhuirgléir. Níl aon Chaighdeán Éireannach comhoiriúnach ann faoi láthair sa chatagóir seo; is féidir le chaighdeáin Eorpacha nó domhanda a bheith comhoiriúnach. Ba cheart d'fhuinneoga a dtiteann taobh amuigh de scóp Chaighdeán na Breataine comhlíonta a thaispeáint leis an gcaighdeán eile Eorpach nó domhanda cuir i gcás ENV 1627. Ba cheart é seo a phlé le d'oibrí.

Is é BS 7950 an chaighdeán do *"Fuinneoga de Shlándáil Barrfheabhais'* le **fuinneoga iomlán nua dhéanta**, a thástáil ina bhfuil láimhsiú glais, slándáil gloinithe, lódáil meicníocha agus tástáil ionsaithe. Ní tástáil de chomhpháirteanna aonair é, dá sármhaith is atá siad áfach, a d'fhéadfadh a bheith curtha isteach i bhfuinneoga bochta. Tugann fuinneoga BS 7950 deimhnithe, dá bhrí sin, cosaint breise don tomaltóir mar gheall ar go bhfuil siad á thástáil go neamhspleách agus measúnaithe d'fheidhmiú agus do shlándail. Tá siad seo ar fáil i PVC-U, in adhmad crua, in adhmad bog agus in alumanam faoi láthair.

Feirbeadh Seachtrach

Is iomaí fuinneog nuachóirithe dé-ghloinithe atá feistithe le feirbeadh seachtrach gan aon ghnéithe slándála. Is féidir leis an bhfeirbeadh seo a bhogadh de shiúl go héasca agus an painéal gloine a thógáil amach. Is féidir slándáil na bhfuinneoga seo a fheabhsú trí ghnéithe slándála breise a fheistiú – pléigh le do chomhlacht fuinneoga/ ghloineadóir áitiúil nó le d'oifigeach chosc ar choireacht.

Glais Fuinneoga agus Teorantóirí

Is féidir leat do shándáil fuinneoige a fheabhsú fós ar fhuinneoga níos sine; áfach, tá sé inmholta cúnamh gairimiúil a iarraidh sula gcuireann tú glais slándála nó gloiniú speisialta le fuinneoga atá ann chun a chinntiú nach lagfar aon athrú slándála nó breisithe fráma na fuinneoige nó an struchtúr. Bíonn sé inmholta labhairt leis an oibrí nó an suiteálaí roimh ré chun aon baránta a chinntiú a d'fhéadfadh a bheith agat nach bhfuil comhréitithe. Díolann siopaí DIY agus slándáil baile glais saora le heochracha chun dul isteach sa chuid is mó de na fuinneoga. D'féadfadh gur ghá duit níos mó ná aon ghlas fuinneoige amháin, ag brath ar thomhas den oscailt is gá duit a dhaighniú. Is féidir fuinneoga níos leochailaí a fheistiú freisin ar "theorantóirí" chun srian a chur leis an méid atá ar an oscailt.

Gloine ainealta

Is é an cineál gloine is coitianta a úsáidtear i bhfoirgnimh ná gloine ainealta, snámhach nó pláta. Briseann sé go héasca agus nuair a bhristear iad bíonn blúirí móra géara i gceist.

Gloine lannaithe

Is é gloine lannaithe ná dhá nó trí chiseal de ghnáthghloine atá nasctha le chéile le hábhar láidir ar a dtugtar butyral polaivinile (PVB). Tabharfaidh sé cosaint sármhaith i gcoinne timpistí, loitiméireacht nó buirgléireacht. Nuair a dhéantar ionsaí air féadfaidh an gloine briseadh ach clóifaidh an gloiniú leis an gciseal nasctha **PVB**. Is féidir leis an leibhéal cosanta a mhéadú ag brath ar na cisil agus tiúis an ghloine, chun críche cosaint cónaitheacht i gcoitinne áfach is leor tiús de 6.4mm nó ¼ orlach.

Gloine Righnithe

Uaireanta úsáidte mar rogha ar ghloine lannaithe, tá an gloine righnithe suas le hocht (8) n-oiread níos láidre ná an gloine pláta. Ba cheart gan é a úsáid chun críche slándála i bhfuinneoga agus i ndóirse mar is é a phríomhluach ná mar gloine sábháilte. Tá gloine righnithe ceaptha buillí le forneart a sheasamh; níl sé dothreáite áfach agus is féidir an cabán dromchlaí a bheith briste le neart nirt, go hiondúil le huirlis géara nó pointeáilte. Má tá an dromchla pollta, titfidh an gloine iomlán ó chéile i smidiríní beaga.

Réamhchúraimí Dóiteáin

Aon athruithe fisiciúla nó ba cheart aon athruithe atá déanta d'fhuinneoga i do theach cónaithe gan do bhealach amach a mhoilliú ná srian a chur leis i gcás airdeall dóiteáin nó aslonnaithe. Beidh sé seo tábhachtach ach go háirithe nuair a bhíonn gloine lannaithe á fheistiú nó áit a mbíonn fuinneoige á smachtú ag glais le heochair. Ba cheart eochracha a choinneáil inrochtana dóibh siúd atá istigh ach as sroicheadh d'foghléirí nó do bhuirgléirí féidearthachta i gcónaí.

Cuimhnigh!

Nuair a bhíonn an teach cónaithe ar áitiú, is í sábháilteacht dóiteáin do thosaíocht; nuair nach mbíonn duine sa bhaile áfach, is é an gné is tábhachtaí ná slándáil.

Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán. Ar gach uairibh is críon é comhairle ghairmiúil chuí a lorg áit a dhéantar breisithe nó athruithe do do mhaoin le slándail a fheabhsú.

Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchán seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.

Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2.
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314
Ríomhphost: crime_prevention@garda.ie

An Garda Síochána
www.garda.ie

An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann
www.nsai.ie

Secured by Design
www.securedbydesign.com

Glasadóirí Comhlachaithe na hÉireann
www.aloi.net

Master Locksmiths Association
www.masterlocksmiths.co.uk